



2026/176

27.1.2026

RIALACHÁN (AE) 2026/176 ÓN gCOIMISIÚN
an 26 Eanáir 2026

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a mhéid a bhaineann le bearta idirthréimhseacha chun min feola agus cnámh a onnmhairiú mar bhreosla chun críocha dócháin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 leagtar síos rialacha maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe a bhailiú agus a dhiúscairt. Sonraítear in Airteagal 12 i gcomhar le hAirteagal 7(2) den Rialachán sin gur cheart min feola agus cnámh Chatagóir 1 a dhiúscairt trí loscadh, trí chomhloscadh, trí dhóchán nó trí líonadh talún nó gur cheart í a úsáid mar bhreosla chun críocha dócháin. In Airteagal 43 den Rialachán sin leagtar síos rialacha maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe a onnmhairiú.
- (2) Le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún ⁽²⁾, leagtar síos rialacha maidir le sláinte an phobail agus sláinte ainmhithe i dtaca le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe a chur ar an margadh agus a onnmhairiú. I gCaibidil V d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán sin, leagtar síos rialacha maidir le honnmhairiú táirgí díorthaithe áirithe, lena n-áirítear min feola agus cnámh ó ábhair Chatagóir 1 atá ceaptha mar bhreosla chun críocha dócháin.
- (3) In 2021, chuir údaráis inniúla na hÉireann in iúl go raibh siad ag tógáil gléasraí chun min feola agus cnámh a dhó. D'iarr siad go n-údarófaí, le linn idirthréimhse, sreafaí trádála traidisiúnta na mine feola agus cnámh ó ábhair Chatagóir 1 atá beartaithe lena ndiúscairt sa Ríocht Aontaithe. Le Rialachán (AE) 2021/899 ón gCoimisiún ⁽³⁾, dheonaigh an Coimisiún an maolú a iarradh go dtí an 31 Nollaig 2023.
- (4) In 2023, chuir údaráis inniúla na hÉireann an Coimisiún ar an eolas gur cuireadh isteach ar amlíne bheartaithe na tógála mar gheall ar mhoilleanna ar an bpleanáil. Dá bhrí sin, le Rialachán (AE) 2023/2613 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, chuir an Coimisiún síneadh leis an idirthréimhse go dtí an 30 Meitheamh 2025.
- (5) Go luath i mí an Mheithimh 2025 chuir údaráis inniúla na hÉireann an Coimisiún ar an eolas go mbeadh gá le 2 bhliain eile, mar gheall ar mhoilleanna carnacha ar thógáil na ngléasraí, chun a n-acmhainneacht dócháin féin a chur i gcrích maidir le min feola agus cnámh a dhiúscairt. Dá bhrí sin, is iomchuí síneadh a chur leis an idirthréimhse go dtí an 30 Meitheamh 2027. Measann an Coimisiún gur cheart an tréimhse sin a bheith iomchuí chun tógáil na ngléasraí a chríochnú.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart Caibidil V d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú dá réir.

⁽¹⁾ IO L 300, 14.11.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1069/oj>.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le samplaí agus ítimí áirithe atá díolmhaith ó sheiceálacha treidliachta ag an teorainn faoin Treoir sin (IO L 54, 26.2.2011, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/142/oj>).

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2021/899 ón gCoimisiún an 3 Meitheamh 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 maidir le bearta idirthréimhseacha chun min feola agus cnámh a onnmhairiú mar bhreosla chun críocha dócháin (IO L 197, 4.6.2021, lch. 68, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/899/oj>).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2023/2613 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 maidir le bearta idirthréimhseacha chun min feola agus cnámh a onnmhairiú mar bhreosla chun críocha dócháin (IO L, 2023/2613, 24.11.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2613/oj>).

- (7) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Iúil 2025 chun leanúnachas a áirithiú idir an idirthréimhse roimhe sin agus an idirthréimhse dá bhforáiltear sa Rialachán seo, agus chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú maidir le min feola agus cnámh a onnmhairiú ó Éirinn chuig an Ríocht Aontaithe.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Eanáir 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

I gCaibidil V, sa tábla, ró 3, an tríú colún d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

- (a) tá sé údaraithe ag údarás inniúil na hÉireann an t-onnmhairiú a dhéanamh chuig an ngléasra dócháin sa Ríocht Aontaithe go dtí an 30 Meitheamh 2027, ar choinníoll go ndéantaí gluaiseachtaí den chineál sin de mhín feola agus cnámh ó ábhair i gCatagóir 1 atá ceaptha lena ndiúscairt ón mBallstát sin roimh an 1 Eanáir 2021 faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 6(6), (7) agus (8);.